C/2026/228

12.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12219 — ECI / FAST GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/228)

1. An 5 Eanáir 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EC Investments a.s. ('ECI'), an tSeicia, faoi rialú deiridh Mr Daniel Křetínský ('DK'),

— FAST ČR, a.s. ('Fast Group'), faoi rialú CE Electronics Holding a.s., atá faoi rialú comhpháirteach ECI agus BONAK a.s. ('BONAK') faoi láthair, agus iad uile lonnaithe sa tSeicia.

Gheobhaidh ECI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Fast Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é ECI nach bhfuil aon ghníomhaíocht ghnó dá chuid féin aige, agus is é an t-eintiteas é trína bhféachann DK go príomha le gníomhaíochtaí infheistíochta, trína ndéanann sé gníomhaíochtaí infheistíochta agus trína mbainistíonn sé gníomhaíochtaí infheistíochta, ar gníomhaíochtaí iad atá dírithe go príomha ar an earnáil ríomhthráchtála agus ar mhórdhíol agus miondíol leictreonaice agus táirgí neamhbhia eile,

— Is mórdhíoltóir leictreonaice tomhaltóra agus táirgí neamhbhia eile é Fast Group, go príomha i réigiún Lár agus Oirthear na hEorpa agus tá sé gníomhach i miondíol leictreonaice agus táirgí neamhbhia eile sa tSeicia agus sa tSlóvaic.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12219 — ECI / FAST GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.